# Polasaí Obair Bhaile

Is dlúth chuid d'oideachas na leanbh obair bhaile a dhéanamh. Cothaíonn sé neamhspleáchas, féinmhuinín, freagracht, fonn foghlama fadthéarmach agus mórtas ina gcuid oibre iontu.
Treisíonn sé agus daingíonn sé an rud atá foghlamtha. Is nasc é idir obair na scoile agus an baile. Cothaíonn sé comhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí. De ghnáth ba cheart go mbeadh leanbh ábalta obair bhaile a dhéanamh as a stuaim féin agus é / í ag obair dá gcumais féin. Is leanúnachas don obair scoile an obair bhaile de ghnáth.

- Tugtar obair bhaile Luan - Déardaoin. Ní bhíonn obair bhaile sa deireadh seachtaine ach i gcásanna eisceachta.
  - Má tá faillí déanta ag an leanbh san obair bhaile i rith na seachtaine.
  - Má tá tionscnamh ar leith ar siúl, m.sh. "scríobh leabhar"; geitirí a bhailiú, scriopt dráma a fhoghlaim, nó cleachtadh amhránaíochta a dhéanamh.

- Méid / Am obair bhaile
  - De ghnáth bíonn meascán d'obair ó bhéil agus obair scríofa le déanamh. Braitheann an méid ama a chaitear le hobair bhaile ar an gcur chuige, ar chumas an linbh, an áit go ndéantar é agus ar mheon na dtuismitheoirí i leith na hoibre.
  - Molaimíd na hamanta seo go ginearálta
    - Naíonáin = 20 nóim
      (tábhacht na léitheoireachta gach aon oíche)
    - Rang 1 & 2 = 20-30 nóim
    - Rang 3 & 4 = 30-40 nóim
    - Rang 5 & 6 = 40-50 nóim

- Bíonn dialann obair bhaile ag gach leanbh ina bhfuil cúntas ar an méid atá le déanamh.
  - Lorgaíotar síniú an tuismitheora. Is cabhair mhór é spreagadh na dtuismitheoirí sa ghnéith seo dá n-oideachas.

- Is fiú am ar leith a chur i leath-taobh do dhéanamh an obair bhaile, más féidir.
- Tuigimíd an fíor-thábhacht a bhaineann le ham spraoi tar éis scoile do pháistí agus am teaghlaigh gan strus.

- Is taithí fónta don leanbh am ar leith a chaitheamh ar bhonn rialta le foghlaim - lasmuigh d'am scoile. Cothaíonn sé nósmhaireacht a bheidh riachtanach ina n-oideachas tar éis na bunscoile.

Tuigimíd nach n-éiríonn le leanaí an obair bhaile a dhéanamh i gcónaí. Ní fadhb í seo agus fáiltímíd roimh thuairimí thuismitheoirí ina thaobh.